Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Feabhra 2019
(OR. en)

6695/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0148(COD)**

ENER 92
ENV 174
TRANS 126
CONSOM 75
CODEC 509

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9185/18<br>+ ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ó PHARLAIMINT na hEORPA agus ón gCOMHAIRLE maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlacht bhreosla agus paraiméadair riachtanacha eile agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009<br>- Cur chuige ginearálta |

1. Ghlac an Coimisiún an togra thuasluaite ar an 17 Bealtaine 2018 laistigh de phacáiste níos leithne de bhearta maidir le Soghluaisteacht Ísealcharbóin. Chomh maith le Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlachta breosla agus paraiméadar riachtanach eile[1] a aisghairm, is iad na cuspóirí atá ag an togra seo raon feidhme an chreata rialála atá ann faoi láthair a shoiléiriú agus a leathnú.

2. Tar éis don Choimisiún an togra a thíolacadh don Mheitheal um Fhuinneamh i mí an Mheithimh 2018, leanadh de scrúdú a dhéanamh ar an téacs.

[1] IO L 342, 22.12.2009.

3. Thíolaic Uachtaránacht céad dréacht de chur chuige ginearálta do na toscaireachtaí ag an gcruinniú den Mheitheal um Fhuinnimh ar an 29 Eanáir 2019. Pléadh dhá leagan athbhreithnithe den doiciméad sin ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal um Fhuinneamh ar an 5 agus an 12 Feabhra 2019. Ar bhonn an phlé a tharla, rinne an Uachtaránacht tuilleadh coigeartuithe arb é an téacs (Iarscríbhinn a ghabhann le nóta 6327/19) ar thacaigh COREPER leis ag cruinniú dá chuid ar an 20 Feabhra 2019 a bhí mar thoradh orthu.

4. Ag an gcruinniú sin, d'iarr toscaireacht amháin go gcuirfí isteach mionathruithe teicniúla in Airteagal 4(3) agus in Airteagal 6(2) chun an dá fhoráil sin a shoiléiriú. Ós rud é nár chuir aon toscaireacht eile ina choinne sin, chuir an Uachtaránacht na hathruithe sin isteach sa téacs atá san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

5. I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, baineann na príomhathruithe leis na haithrisí agus na forálacha seo a leanas:

a) aithris 13 agus aithris 13a: leis na hathruithe ansin féachtar le comhsheasmhacht a áirithiú tríd an téacs ina iomláine - agus go háirithe le Airteagal 14a - maidir le coincheapa an mhíleáiste agus an scríobtha;

b) aithris 22a agus Airteagal 7a: leis na hathruithe ansin féachtar le comhsheasmhacht a áirithiú le Airteagal 14 den Treoir maidir le Ríomhthráchtáil;

c) aithris 23a agus aithris 32: tugadh isteach aithris 23a in ionad aithris 32, le cur i dtreis gur féidir leis na Ballstáit a chinneadh cibé acu an mian leo nó nach mian leo úsáid a bhaint as an rogha in Airteagal 10(2a);

d) aithris 26a, aithris 26b agus Iarscríbhinn VIIa: tugadh isteach na haithrisí agus an Iarscríbhinn seo chun a shoiléiriú cén fhaisnéis ba cheart a chur isteach sa bhunachar sonraí agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rúndachta a d'fhéadfadh a bheith ann;

e) Airteagal 2 agus Airteagal 11a: leis na forálacha seo féachtar le go mbeidh an Coimisiún in ann modh iomchuí tástála a ghlacadh chun feidhmíocht na mbonn atráchta a thomhas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, chun raon feidhme an Rialacháin a leathnú chuig na boinn sin ach an modh tástála sin a bheith forbartha;

f) Airteagal 3(22): leis na modhnuithe ansin féachtar leis an sainmhíniú a shimpliú;

g) Airteagal 4(3) agus Airteagal 6(2): is é is cuspóir leis na modhnuithe atá sna hairteagail sin soiléiriú a thabhairt go bhféadfaidh na soláthróirí agus dáileoirí an lipéad a chur ar fáil i bhfógraí ar líne le haghaidh cineál boinn faoi leith trína thaispeáint i dtaispeántas neadaithe;

h) Airteagal 4(5) agus Airteagal 10(2a): leis na modhnuithe féachtar le soiléiriú a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar sholáthróirí agus le deis a thabhairt isteach (seachas oibleagáid) do na húdaráis náisiúnta fíoruithe breise a dhéanamh i ndáil leis an lipéad agus an fhaisnéis arna cur ar fáil ag na soláthróirí, i gcás ina bhfuil cúis leordhóthanach acu lena chreidiúint nach ndearna soláthróir cruinneas an lipéid a áirithiú;

i) Airteagal 12(c): leis an modhnú féachtar lena shoiléiriú gur féidir gach Iarscríbhinn cé is moite d'Iarscríbhinn I, cuid A, cuid B agus cuid C, a leasú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, ach go bhfuil feidhm ag Airteagal 14a i gcás ina bhféadfaí paraiméadair nó ceanglais faisnéise a thabhairt isteach maidir le míleáiste agus scríobadh, a luaithe a bheadh modhanna iomchuí tástála ar fáil;

l) Airteagal 14a: áirítear clásal athbhreithnithe san fhoráil sin lena gceadaítear don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go dtabharfaí isteach paraiméadair nó ceanglais faisnéise maidir le míleáiste agus scríobadh sa Rialachán seo;

m) Iarscríbhinn I, cuid A, cuid B agus cuid C: leis na modhnuithe ansin féachtar le téacs an Rialachán atá ann faoi láthair maidir le Lipéadú Bonn a choinneáil.

**<u>CONCLÚID</u>**

6. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar an gComhairle <u>teacht ar chomhaontú</u> maidir leis an gcur cur chuige ginearálta mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

p.m.: 1) na hathruithe ar an togra ó gCoimisiún, is **<u>i gcló trom</u>** atá siad agus **<u>líne fúthu</u>**, agus léirítear áiteanna ar scriosadh téacs le **[]**;

2) ceartaíodh na hearráidí cló seo a leanas sa togra ón gCoimisiún:

- Iarscríbhinn VI, roinn 5: Léitear "$a_m$" anois mar "$\boldsymbol{\underline{\sigma_m}}$";

- Iarscríbhinn VI, roinn 6: Léirítear "i" anois mar "**<u>l</u>**".

**Iarscríbhinn**

2018/0148(COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlacht bhreosla agus paraiméadair [] eile agus lena leasaítear Rialachán (CE) 2017/1369 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [...][2][...],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas tiomanta Aontas Fuinnimh a thógáil a mbeidh beartas aeráide forásach aige. Dlúthchuid de Chreat Beartais 2030 an Aontais don Aeráid agus don Fhuinneamh is ea an éifeachtúlacht bhreosla agus tá sí ríthábhachtach má tá an t-éileamh ar fhuinneamh le maolú.

2 […].
3 IO C […], […], lch. […].

(2) Tá athbhreithniú[4] déanta ag an gCoimisiún ar éifeachtacht Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus **tá sé** **tar éis** an gá a aithint le forálacha an Rialacháin sin a thabhairt cothrom le dáta chun a éifeachtacht a fheabhsú.

(3) Is iomchuí **rialachán []** nua ina bhfuil **na** leasuithe a rinneadh in 2011 agus lena modhnaítear agus lena bhfeabhsaítear cuid **[]**d'fhorálacha **Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009** a chur in ionad Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 le hinneachar **na bhforálacha sin** a shoiléiriú agus a thabhairt cothrom le dáta, agus an dul chun cinn teicneolaíoch atá bainte amach le blianta beaga anuas ó thaobh bonn de á chur san áireamh.

(4) Is san earnáil iompair a dhéantar aon trian d'ídiú fuinnimh **an** Aontais. Iompar de bhóthar ba chúis le tuairim is 22 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána an Aontais in 2015. Mar gheall ar a bhfriotaíocht rollta go príomha, is boinn is cúis le 5 % go 10 % **[] d'**ídiú breosla **feithiclí**. Dá bhrí sin, dá laghdófaí **[]**friotaíocht rollta na mbonn, dhéanfaí éifeachtúlacht fuinnimh an iompair de bhóthar a mhéadú go mór, agus, dá bharr sin, astaíochtaí **gás ceaptha teasa** a laghdú freisin.

(5) Roinnt paraiméadar idirghaolmhar atá de dhlúth is d'inneach i mboinn**[]**. D'fhéadfadh sé, dá bhfeabhsófaí aon pharaiméadar ar leith, amhail friotaíocht rollta, go mbeadh tionchar dochrach aige sin ar [...] **pharaiméadair** eile, amhail **feidhmíocht** fliuchghreama, agus, ag an am céanna, d'fhéadfadh sé, trí fheabhas a chur ar **fheidhmíocht** fliuchghreama, go mbeadh tionchar dochrach aige sin ar thorann seachtrach rollta. Ba cheart monaróirí bonn a spreagadh chun na paraiméadair go léir a bharrfheabhsú sa bhreis ar na caighdeáin atá bainte amach cheana féin.

(6) Féadfaidh boinn atá éifeachtúil ó thaobh breosla de a bheith éifeachtach ó thaobh costais de freisin ós rud é go mbíonn an cúiteamh a fhaightear ó choigilteas breosla i bhfad níos mó ná praghas méadaithe ceannaigh na mbonn ar toradh é ar chostais táirgeachta **[]** níos airde **na mbonn sin**.

---

4 [...]

5 Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlachta breosla agus paraiméadar riachtanach eile (IO L 342 de 22.12.2009, lch. 46).

(7) Le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] leagtar síos na ceanglais íosta maidir le friotaíocht rollta bonn. A bhuí le forbairtí teicneolaíocha, tá sé indéanta na caillteanais fuinnimh **arb í** an fhriotaíocht rollta bonn is cúis leo **a laghdú []** go suntasach sa bhreis ar na ceanglais íosta sin. Chun an tionchar atá ag iompar de bhóthar ar an gcomhshaol a laghdú, is iomchuí, dá bhrí sin, na forálacha **[] maidir le** lipéadú bonn a thabhairt cothrom le dáta le húsáideoirí deiridh a spreagadh chun boinn atá níos éifeachtúla ó thaobh breosla de a cheannach, trí fhaisnéis chomhchuibhithe faoin bparaiméadar sin **a sholáthar dóibh**.

(8) Is núis shuntasach é torann tráchta agus bíonn éifeacht dhochrach aige ar an tsláinte. Le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009, leagtar síos na ceanglais íosta maidir le torann seachtrach rollta bonn. De bharr forbairtí teicneolaíocha, tá sé indéanta an torann seachtrach rollta a laghdú go suntasach sa bhreis ar na ceanglais íosta sin. Chun an torann tráchta a laghdú, is iomchuí, dá bhrí sin, **na** forálacha **[] maidir le** lipéadú bonn a thabhairt cothrom le dáta le húsáideoirí deiridh **[]**a spreagadh chun boinn a cheannach ag a bhfuil torann seachtrach rollta íseal, trí fhaisnéis chomhchuibhithe faoin bparaiméadar sin a sholáthar **dóibh**.

(9) Dá soláthrófaí faisnéis chomhchuibhithe faoi thorann seachtrach rollta, d'éascófaí freisin cur chun feidhme beart i gcoinne torann tráchta agus chuideofaí chun feasacht a ardú faoin éifeacht a bhíonn ag boinn ar thorann tráchta faoi chuimsiú Threoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7].

(10) **Chomh maith leis sin,** le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009, leagtar amach na ceanglais íosta maidir le feidhmíocht fliuchghreama bonn. A bhuí le forbairtí teicneolaíocha, tá sé indéanta **feidhmíocht** fliuchghreama a fheabhsú go suntasach sa bhreis ar na ceanglais íosta sin, agus na hachair choscánaithe ar dhromchla fliuch a ghiorrú ar an dóigh sin. Chun an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, is iomchuí, dá bhrí sin, na forálacha [] **maidir le** lipéadú bonn a thabhairt cothrom chun dáta le húsáideoirí deiridh[] a spreagadh chun boinn a cheannach ag a bhfuil ardfheidhmíocht fliuchghreama **níos fearr**, trí fhaisnéis chomhchuibhithe faoin bparaiméadar sin a sholáthar **dóibh.**

---

6 Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 200, 31.7.2009, lch. 1).

7 Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12).

(11) Lena áirithiú go bhfuiltear ag teacht leis an gcreat idirnáisiúnta, tagraítear i Rialachán (CE) Uimh 661/2009 do Rialachán UNECE 117[8], ina **[] leagtar amach** na modhanna ábhartha tomhais le haghaidh friotaíocht rollta, torann **seachtrach rollta**, agus feidhmíocht fliuchghreama agus greama sneachta bonn.

(12) Chun faisnéis a chur ar fáil d'úsáideoirí[] deiridh faoi fheidhmíocht bonn **arna** ndearadh go sonrach **lena n-úsáid nuair atá** an sneachta agus oighear **go dona**, is iomchuí a éileamh go mbeadh **an sórt sin faisnéise** ar an lipéad **[]**.

(13) Is foinse shuntasach micreaphlaisteach, a dhéanann dochar don chomhshaol, é scríobadh bonn le linn a n-úsáide, agus mar sin luaitear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy*[9] [Straitéis Eorpach maidir le hÁbhar Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach] an gá aghaidh a thabhairt ar scaoileadh neamhbheartaithe micreaphlaisteach ó bhoinn, *inter alia*, trí bhíthin bearta faisnéise amhail lipéadú agus ceanglais íosta i dtaca le boinn. **Tá dlúthbhaint ag scríobadh bonn le coincheap an mhíleáiste, *i.e.* an líon ciliméadar a mhairfeadh bonn sula gcaithfí ceann nua a fháil mar gheall ar chaitheamh tráchta. Anuas ar an scríobadh agus ar an gcaitheamh tráchta, braitheann saolré boinn ar go leor rudaí eile, amhail seasmhacht an bhoinn in aghaidh caithimh, lena n-áirítear an cumasc, an pátrún agus an struchtúr tráchta, dálaí bóthair, cothabháil, brú an bhoinn agus iompraíocht tiomána.**

**(13a)** Níl modh iomchuí tástála ar fáil faoi láthair, áfach, le scríobadh bonn **agus míleáiste** a thomhas. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún forbairt a leithéid de mhodh **a chur chun cinn [] agus a mheasúnú an bhféadfaí an sórt sin paraiméadar a chuimsiú i raon feidhme an Rialacháin atá ann faoi láthair ina** g**c**uirfear[] san áireamh go hiomlán caighdeáin nó rialacháin úrscothacha a forbraíodh nó a moladh go hidirnáisiúnta**[] chomh maith leis an obair atá déanta ag an tionscal []**.

8 IO L 307, 23.11.2011, lch. 3
9 COM(2018) 28 final

(14) Is [] **cuid** shuntasach den mhargadh le haghaidh boinn d'fheithiclí tromshaothair iad boinn atráchta. Trí thrácht nua a chur ar bhoinn, déantar a ré úsáide a shíneadh agus tagann sin le cuspóirí de chuid an gheilleagair chiorclaigh, amhail laghdú dramhaíola. Dá gcuirfí ceanglais faoi lipéadú i bhfeidhm maidir leis na boinn sin, bhainfí amach coigiltis shuntasacha fuinnimh. Mar sin féin, toisc nach bhfuil modh iomchuí tástála chun feidhmíocht bonn atráchta a thomhas ar fáil faoi láthair, leis an Rialachán seo **ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún na rialacha aonfhoirmeacha is gá a ghlacadh chun ceanglais den sórt sin a chur i bhfeidhm maidir le boinn atráchta [].**

(15) Maidir leis an lipéad fuinnimh **[] dá bhforáiltear faoi** Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], lena rangaítear ídiú fuinnimh táirgí ar scála ó 'A' go 'G', aithníonn níos mó ná 85 % de thomhaltóirí an Aontais é agus léiríodh go bhfuil sé éifeachtach ó thaobh táirgí níos éifeachtúla a chur chun cinn. Ba cheart leanúint ar aghaidh ag úsáid an dearaidh chéanna don lipéad boinn a mhéid is féidir, agus sainiúlachtaí [] na bparaiméadar boinn á n-aithint ag an am céanna.

(16) Maidir le faisnéis inchomparáide faoi pharaiméadair bhoinn a sholáthar i bhfoirm lipéad **boinn** caighdeánach, is dóigh go rachaidh sé sin i gcion ar na roghanna ceannacháin a dhéanfaidh úsáideoirí[] deiridh i bhfabhar boinn atá níos sábháilte, níos ciúine agus níos éifeachtúla ó thaobh breosla de. Is dóigh dá bharr sin, go spreagfaí monaróirí bonn chun na paraiméadair **bhoinn** a bharrfheabhsú[], rud a réiteodh an bealach roimh thomhaltas agus tháirgeadh níos inbhuanaithe **bonn.**

(17) Tá gá ag úsáideoirí[] deiridh, chomh maith le ceannaitheoirí bonn ionaid, ceannaitheoirí bonn arna bhfeistiú ar fheithiclí nua, agus bainisteoirí flít agus gnóthais iompair, le tuilleadh faisnéise faoi éifeachtúlacht na mbonn ó thaobh breosla de agus ó thaobh paraiméadair eile de mar nach féidir leo comparáid a dhéanamh go héasca idir paraiméadair brandaí éagsúla bonn cheal córais lipéadaithe agus córais chomhchuibhithe tástála. Is iomchuí, mar sin, a cheangal go gcuirfear [] **lipéad** i gcónaí [] **ar gach bonn** a sheachadtar le feithiclí.

---

[10] Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

(18) Faoi láthair, ceanglaítear lipéid **[]** do bhoinn le haghaidh gluaisteán (boinn C1) agus le haghaidh veaineanna (boinn C2) ach ní cheanglaítear iad le haghaidh feithiclí tromshaothair (boinn C3). Ídíonn boinn C3 níos mó breosla agus taistealaíonn siad níos mó ciliméadar in aghaidh na bliana ná mar a dhéanann boinn C1 agus boinn C2, agus dá bhrí sin níor bheag an rud é dá bhféadfaí laghdú a dhéanamh ar ídiú breosla agus astaíochtaí **gás ceaptha teasa** ó fheithiclí **[] tromshaothair**. **Ba cheart, dá bhrí sin, boinn C3 a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo.**

(19) Trí bhoinn C3 a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo táthar ag teacht le **[]** Rialachán **2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[11]**, [] maidir le** faireachán agus tuairisciú astaíochtaí $CO_2$ ó [...] agus ídiú breosla feithiclí nua tromshaothair**, []** agus **le Rialachán .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[12]**, [] maidir le** caighdeáin **feidhmíochta astaíochtaí** $CO_2$ d'fheithiclí **nua** tromshaothair[13].

(20) Déanann cuid mhór úsáideoirí**[]** deiridh cinntí faoi bhoinn a cheannach gan an bonn féin a fheiceáil agus mar sin ní fheiceann siad an lipéad atá greamaithe de. I **[]** gcásanna den sórt sin, ba cheart an lipéad a thaispeáint do na **[]** húsáideoirí **[]** deiridh sula ndéantar an cinneadh deiridh faoi cheannach. Ach an lipéad a chur ar taispeáint ar bhoinn ag an bpointe díola, agus san ábhar fógraíochta teicniúil freisin, ba cheart go n-áiritheofaí go bhfaigheadh na dáileoirí agus na húsáideoirí ionchasacha**[]** deiridh faisnéis chomhchuibhithe faoi na paraiméadair ábhartha boinn, an tráth agus san áit a ndéantar an cinneadh faoi cheannach.

(21) I gcás roinnt úsáideoirí **[]**deiridh, déanann siad **cinntí[] faoi bhoinn a cheannach** sula sroicheann siad an pointe díola nó ceannaíonn siad **[]**na **boinn** trí phostdíol nó ar an **[]Idirlíon**. Chun áirithiú go mbeidh na húsáideoirí **[]**deiridh sin in ann rogha eolasach a dhéanamh freisin ar bhonn faisnéis chomhchuibhithe faoi***, inter alia,*** éifeachtúlacht na mbonn ó thaobh breosla de, faoi fheidhmíocht**[]** fliuchghreama **agus** faoi thorann seachtrach rollta**[]**, ba cheart lipéid **bonn** a chur ar taispeáint ar an ábhar fógraíochta teicniúil go léir agus ar **fhógraí a bheidh le feiceáil**, lena n-áirítear cásanna ina gcuirtear an t-ábhar sin ar fáil ar an **[]I**dirlíon. **I gcás ina mbainfidh na fógraí a bheidh le feiceáil le réimse bonn agus ní le cineál sonrach boinn amháin, ní gá an lipéad iomlán a chur ar taispeáint.**

---

[11] **Rialachán 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí nua tromshaothair, (IO L 173, 9.7.2018, lch.1).**

[12] **Rialachán.../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena socraítear caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 (IO L...).**

[13] [...]

(22) Ba cheart faisnéis a sholáthar do na húsáideoirí ionchasacha **[]**deiridh ar faisnéis í lena míneofar gach comhpháirt ar leith den lipéad **boinn** agus tábhacht gach comhpháirte. **[]** Ba cheart an fhaisnéis **sin** a sholáthar san ábhar fógraíochta teicniúil **go léir,** mar shampla ar shuíomhanna gréasáin na soláthróirí, **ach ní sna fógraí a bheidh le feiceáil.**

**(22a) Agus an fás ar dhíol bonn trí bhíthin ardán díolacháin Idirlín, seachas go díreach ó sholáthróirí, á aithint, ba cheart a shoiléiriú gur faoi na soláthraithe seirbhíse óstála a bheidh sé féachaint chuige go dtaispeánfar an lipéad, arna sholáthar ag an soláthróir, i ngaireacht don phraghas. Ba cheart dóibh an dáileoir a chur ar an eolas i leith na hoibleagáide sin, ach níor cheart go mbeidís freagrach as cruinneas ná inneachar an lipéid ná as an mbileog faisnéise faoin táirge a chuirtear ar fáil. Mar sin féin, agus Airteagal 14(1)(b) de Threoir 2000/31/CE maidir le tráchtáil leictreonach á chur i bhfeidhm, ba cheart d'ardáin óstála idirlín den sórt sin gníomhú go pras chun fáil réidh le faisnéis faoin mbonn i dtrácht nó rochtain ar an ábhar sin a dhíchumasú má tá siad ar an eolas faoin neamhchomhlíonadh (e.g. faisnéis atá in easnamh, neamhiomlán nó lipéad nó bileog faisnéise faoin táirge atá mícheart) mar shampla, má chuireann an t-údarás um fhaireachas margaidh iad ar an eolas ina leith. Beidh soláthróir a bheidh ag díol go díreach d'úsáideoirí deiridh trína shuíomh gréasáin féin cumhdaithe leis na hoibleagáidí ciandíolacháin.**

(23) Ba cheart éifeachtúlacht bhreosla, **feidhmíocht** fliuchghreama, torann seachtrach **rollta** agus paraiméadair eile **[]**a thomhas **i** gcomh**réir**[] **[]le** modhanna iontaofa, cruinne agus in-athsholáthraithe lena gcuirtear san áireamh na modhanna úrscothacha tomhais[...] agus ríomha a aithnítear go ginearálta. Ba cheart gnáthiompraíocht tomhaltóirí a chur san áireamh a mhéid is féidir sna modhanna sin agus ba cheart dóibh a bheith stóinsithe chun stop a chur le teacht timpeall a tharlaíonn d'aon ghnó **agus** go neamhbheartaithe araon. Ba cheart feidhmíocht chomparáideach **na** mbonn le linn úsáid iarbhír a léiriú ar lipéid bonn, laistigh de na srianta **[]a eascraíonn as** an ngá atá **[]le** tástáil saotharlainne atá iontaofa, cruinn agus in-athsholáthraithe, **chun** cur ar chumas úsáideoirí **[]**deiridh boinn éagsúla a chur i gcomparáid le chéile agus **[]**chun teorainn a chur le costais tástála do mhonaróirí.

**(23a) I gcás ina mbeidh cúis leordhóthanach acu lena chreidiúint nach ndearna an soláthróir cruinneas an lipéid a áirithiú agus d'fhonn muinín bhreise a thabhairt do thomhaltóirí, ba cheart do na húdaráis náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 3(37) de Rialachán (AE) 2018/858 a sheiceáil an bhfuil na haicmí a bhaineann le friotaíocht rollta, feidhmíocht fliuchghreama agus torann seachtrach rollta a thaispeántar ar an lipéad, chomh maith leis na deilbhíní do pharaiméadair eile, ar comhréir lena bhfuil sa doiciméadacht arna soláthar ag an soláthróir bunaithe ar thorthaí tástálacha agus ar ríomhanna. Féadfar na seiceálacha sin a dhéanamh le linn an phróisis cineálcheadaithe, agus ní gá go mbeadh tástáil fhisiciúil ar an mbonn i gceist.**

(24) Is den riachtanas é go gcomhlíonfaidh **[]** soláthróirí, **mórdhíoltóirí, déileálaithe** agus dáileoirí **eile** **na forálacha a bhaineann le lipéadú bonn** chun cothrom na Féinne a áirithiú san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh sin trí fhaireachas margaidh agus rialuithe *ex-post* rialta, **i []gcomhréir** le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

(25) Chun faireachán ar chomhlíonadh a éascú, **chun** uirlis úsáideach a chur ar fáil d'úsáideoirí **[]** deiridh agus **chun** bealaí malartacha a thabhairt do **[]** **dháileoirí** bileoga faisnéise faoi tháirgí a fháil, ba cheart boinn a chur san áireamh sa bhunachar sonraí táirgí arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2017/1369. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán **[]** **sin** a leasú dá réir sin.

(26) Gan dochar **[]**d'oibleagáidí faireachais margaidh **na mBallstát** **[]****ná** **[]**d'oibleagáid **[]****soláthróirí** comhréireacht táirge a sheiceáil, ba cheart do sholáthróirí an fhaisnéis **[]** atá **riachtanach** maidir le comhlíonadh táirge a chur ar fáil **[]****go leictreonach** sa bhunachar sonraí.

---

[14] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L218, 13.8.2008, lch. 30).

**(26a) Gan dochar d'oibleagáidí faireachais margaidh na mBallstát ná d'oibleagáidí soláthróirí comhréireacht táirge a sheiceáil, ba cheart do sholáthróirí an fhaisnéis a cheanglaítear maidir le comhlíonadh táirge a chur ar fáil go leictreonach sa bhunachar sonraí táirgí. Ba cheart an fhaisnéis atá ábhartha do thomhaltóirí agus do dháileoirí a chur ar fáil go poiblí sa chuid phoiblí den bhunachar sonraí táirgí. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil mar shonraí oscailte ionas go mbeidh deis ag forbróirí feidhmchlár móibíleach agus ag uirlisí comparáide eile úsáid a bhaint aisti. Ba cheart rochtain dhíreach fhurasta ar an gcuid phoiblí den bhunachar sonraí táirgí a éascú le huirlisí atá dírithe ar an úsáideoir, amhail cód dinimiciúil freagairt thapa (cód QR), a áireamh ar an lipéad clóite.**

**(26b) Ba cheart an chuid sin den bhunachar sonraí táirgí a bhaineann le comhlíonadh a bheith faoi réir rialacha diana maidir le cosaint sonraí. Na codanna sonracha riachtanacha den doiciméadacht theicniúil den chuid a bhaineann le comhlíonadh, ba cheart iad a chur ar fáil do na húdaráis faireachais margaidh agus don Choimisiún araon. I gcás faisnéis theicniúil áirithe a bheith ann atá chomh híogair sin go mbeadh sé míchuí í a chur san áireamh i gcatagóir na doiciméadachta teicniúla mar a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe a ghlacfar de bhun an Rialacháin seo, ba cheart do na húdaráis faireachais margaidh an chumhacht a choinneáil chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin nuair is gá, i gcomhréir leis an dualgas comhair atá ar sholáthróirí nó trí mheán codanna breise den doiciméadacht theicniúil a uaslódáiltear sa bhunachar sonraí táirgí ar bhonn deonach.**

(27) Le go mbeadh muinín ag úsáideoirí deiridh as an lipéad boinn, níor cheart lipéid eile a dhéanann aithris air a cheadú. **[] Ina theannta sin**, níor cheart lipéid, marcanna, siombailí ná inscríbhinní a cheadú is dóigh a chuirfeadh úsáideoirí deiridh ar míthreoir nó a chuirfeadh mearbhall orthu maidir leis na paraiméadair a chumhdaítear leis an lipéad boinn.

(28) Na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo, ar **na gníomhartha cur chun feidhme** agus ar na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhun, ba cheart iad a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(29) Chun éifeachtúlacht fuinnimh, maolú ar an athrú aeráide agus cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dreasachtaí a chruthú maidir le húsáid **bonn** atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de **agus atá sábháilte [].** Is faoi na Ballstáit atá sé cineál na ndreasachtaí sin a chinneadh. Ba cheart na dreasachtaí sin a bheith i gcomhréir le rialacha an Aontais [...] maidir le **s**tátchabhair agus níor cheart iad a bheith ina mbacainní gan údar ar an margadh. Ní dochar an Rialachán seo do thoradh aon nó**sanna** imeachta maidir le státchabhair a d'fhéadfaí a chur ar bun amach anseo i gcomhréir le hAirteagal 107 agus le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i ndáil leis na dreasachtaí sin.

(30) Chun leasú a dhéanamh ar inneachar agus ar fhormáid an lipéid **boinn[]** agus chun na hIarscríbhinní a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 290 **[] CFAE** a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach , an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[15]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

15 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**(30a) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, go háirithe i dtaca le forbairt modheolaíochta aonfhoirmí a bhfuil gá léi chun na ceanglais maidir le boinn atráchta a chur i bhfeidhm, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.**

---

*** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13)."**

(31) Maidir le boinn a cuireadh ar an margadh roimh dháta chur i bhfeidhm na gceanglas atá sa Rialachán seo, níor ghá iad a athlipéadú.

**[]**

(33) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo. **[] I gcomhréir le** mír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach **[]an 13 Aibreán 2016** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[], ba cheart an mheastóireacht sin a bheith bunaithe ar **[]** éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus **[]** breisluach agus ba cheart a bheith ina bhonn do mheasúnuithe tionchair ar na **roghanna atá ann chun []gníomhaíocht bhreise a dhéanamh**.

(34) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir[...] an Rialacháin seo, eadhon sábháilteacht agus éifeachtúlacht eacnamaíoch agus comhshaoil an iompair de bhóthar a mhéadú trí fhaisnéis ábhartha a sholáthar d'úsáideoirí deiridh chun go bhféadfaidh siad boinn níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de, níos sábháilte agus níos ciúine a roghnú, a ghnóthú go leordhóthanach toisc go dteastaíonn [] **leis seo** faisnéis chomhchuibhithe d'úsáideoirí deiridh, ach, de bharr **an ghá atá le** creat rialúcháin comhchuibhithe agus cothrom na Féinne do mhonaróirí [], gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is é Rialachán an ionstraim iomchuí dlí go fóill mar go gcuirtear rialacha soiléire mionsonraithe i bhfeidhm leis lena gcuirfí cosc ar na Ballstáit iad a thrasuí ar shlite éagsúla agus, dá bhrí sin, lena n-áiritheofaí leibhéal níos airde comhchuibhithe ar fud an Aontais. Le creat rialála atá comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais seachas ar leibhéal na mBallstát, laghdaítear na costais ar sholáthróirí, áirithítear cothrom na Féinne agus áirithítear saorghluaiseacht earraí ar fud an mhargaidh inmheánaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir [] **sin** a ghnóthú[].

(35) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 a aisghairm**,**[]

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Raon feidhme agus ábhar**

1. Is é is aidhm don Rialachán seo [] sábháilteacht, [] cosaint na sláinte agus éifeachtúlacht eacnamaíoch agus éifeachtúlacht chomhshaoil iompair de bhóthar a mhéadú, trí bhoinn a chur chun cinn atá éifeachtúil ó thaobh breosla de, atá sábháilte agus ag a bhfuil leibhéil ísle torainn.

2. Leis an Rialachán seo, bunaítear creat chun faisnéis chomhchuibhithe faoi pharaiméadair bhoinn a sholáthar trí lipéadú, **rud** a ligfidh **[]**do na húsáideoirí **[]**deiridh rogha eolasach a dhéanamh agus boinn á gceannach acu.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. **Beidh** feidhm []ag an Rialachán seo maidir le boinn C1, boinn C2 agus boinn C3.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le boinn atráchta freisin ach **a mbeidh rialacha aonfhoirmeacha glactha ag an gCoimisiún maidir le** modh iomchuí tástála chun feidhmíocht na mbonn sin a thomhas. **[] Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in** Airteagal **1**[]**1a(2)**.

3. **Ní []** bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) boinn ghairmiúla eisbhóthair;

   (b) boinn arna ndearadh lena bhfeistiú ar fheithiclí a **tógadh nó** a cláraíodh den chéad uair roimh an 1 Deireadh Fómhair 1990, agus orthu sin amháin;

   (c) boinn spártha de chineál T le haghaidh úsáid shealadach;

   (d) boinn a bhfuil a rátáil luais níos lú ná 80 km/h acu;

(e) boinn nach mó ná 254 mm, nó ar 635 mm nó níos mó, trastomhas ainmniúil a n-imill;

(f) boinn atá feistithe le feistí breise chun a n-airíonna tarraingthe a fheabhsú, amhail boinn bhocóideacha;

(g) boinn arna ndearadh lena bhfeistiú ar fheithiclí arna mbeartú go heisiach le haghaidh rásaíochta, agus ar na feithiclí sin amháin**;**

**(h) <u>boinn athláimhe, ach amháin más boinn athláimhe iad a allmhairíodh ó thríú tír.</u>**

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe [...] seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'boinn C1, boinn C2 agus boinn C3' na haicmí bonn a shainmhínítear in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 661/2009;

(2) ciallaíonn 'bonn atráchta' bonn réchaite arna athchóiriú trí ábhar nua a chur in ionad an tráchta chaite;

(3) ciallaíonn 'bonn spártha de chineál T le haghaidh úsáid shealadach' aon bhonn spártha le haghaidh úsáid shealadach atá ceaptha le haghaidh úsáid ag brúnna teannta atá níos airde ná na brúnna teannta arna mbunú i gcomhair boinn chaighdeánacha agus boinn threisithe;

**(4) <u>ciallaíonn 'bonn gairmiúil eisbhóthair' bonn úsáide speisialta a úsáidtear go príomha i ndiandálaí eisbhóthair;</u>**

(5) ciallaíonn 'lipéad' léaráid ghrafach [], i bhfoirm chlóite nó leictreonach, lena n-áirítear i bhfoirm greamáin, ar a bhfuil siombailí chun úsáideoirí **[]** deiridh **[]** a chur ar an eolas **[]** maidir le feidhmíocht boinn nó feidhmíocht baisce bonn, i dtaca leis na paraiméadair a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(6) ciallaíonn 'pointe díola' aon áit ina dtaispeántar agus ina stóráiltear boinn agus ina dtairgtear iad lena ndíol **[]**le húsáideoirí deiridh, lena n-áirítear seomraí taispeántais gluaisteán []ina ndéantar boinn **<u>nach bhfuil feistithe ar na feithiclí</u>** a thairgeadh lena ndíol le húsáideoirí **[]** deiridh**[]**;

(7) ciallaíonn 'ábhar fógraíochta teicniúil' doiciméadacht **[]** i bhfoirm **<u>chlóite nó leictreonach</u> <u>arna</u>** cur ar fáil ag soláthróir **[]** chun ábhar fógraíochta a fhorlíonadh, ar a laghad leis an bhfaisnéis theicniúil **[] <u>a leagtar amach in</u>** Iarscríbhinn V;

(8) ciallaíonn 'bileog faisnéise faoi tháirge' doiciméad caighdeánach **<u>ina</u>** bhfuil an fhaisnéis [...] a leagtar amach in Iarscríbhinn IV**<u>,</u>** i bhfoirm chlóite **<u>nó</u>** i bhfoirm leictreonach;

(9) ciallaíonn 'doiciméadacht theicniúil' doiciméadacht **[]<u>a chuireann ar chumas</u>** na n-údarás faireachais margaidh measúnú a dhéanamh ar chruinneas lipéid táirge agus bileoige faisnéise **[]** faoi **bhonn**, lena n-áirítear cruinneas na faisnéise **[]** a leagtar amach **<u>i bpointe 2</u> d'Iarscríbhinn VIIa**;

(10) ciallaíonn 'bunachar sonraí táirgí' an bunachar sonraí arna bhunú faoi Rialachán (AE) 1369/2017 **[] arb éard** atá ann cuid phoiblí atá dírithe ar thomhaltóirí, ina bhfuil rochtain leictreonach ar fhaisnéis a bhaineann **[]** le paraiméadair **<u>bonn</u>** aonair, tairseach ar líne ar mhaithe le hinrochtaineacht agus cuid a bhaineann le comhlíonadh, lena mbaineann ceanglais inrochtaineachta agus slándála atá sonraithe go soiléir;

(11) ciallaíonn 'ciandíolachán' díol, fruiliú nó fruilcheannach trí phostdíol, trí chatalóg, **[]** ar líne, trí theileamhargaíocht nó trí mhodh ar bith eile nuair nach féidir a bheith ag súil leis go bhfeicfeadh an t-úsáideoir ionchasach deiridh an **<u>bonn</u> []** ar taispeáint;

(12) ciallaíonn 'monaróir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge nó a chuireann táirge á dhearadh nó á mhonarú**<u>, agus a</u>** chuireann an táirge sin ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc;

(13) ciallaíonn 'allmhaireoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a chuireann táirge ó thríú tír ar mhargadh an Aontais;

(14) ciallaíonn 'ionadaí údaraithe' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ó mhonaróir chun gníomhú thar a cheann maidir le cúraimí sonraithe;

(15) ciallaíonn 'soláthróir' monaróir atá bunaithe san Aontas, ionadaí údaraithe monaróra nach bhfuil bunaithe san Aontas, nó allmhaireoir, a chuireann táirge ar mhargadh an Aontais;

(16) ciallaíonn 'dáileoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an soláthróir, a chuireann táirge ar fáil ar an margadh;

(17) ciallaíonn 'cur ar fáil ar an margadh' táirge a sholáthar lena dháileadh nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;

(18) ciallaíonn 'cur ar an margadh' táirge a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;

(19) ciallaíonn 'úsáideoir [...] deiridh' aon tomhaltóir, **[]** chomh maith le bainisteoir flít nó [...] gnóthas iompar de bhóthar a cheannaíonn bonn nó a bhfuiltear ag súil leis go gceannóidh sé bonn;

(20) ciallaíonn 'paraiméadar' paraiméadar boinn mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, **a mbíonn tionchar mór aige ar an gcomhshaol, ar shábháilteacht ar bhóithre nó ar an tsláinte le linn an bonn a úsáid,** amhail friotaíocht rollta, **feidhmíocht** fliuchghreama, torann seachtrach rollta, sneachta, **feidhmíocht greama sneachta agus** **feidhmíocht oighearghreama**;

(21) ciallaíonn 'cineál boinn' leagan de bhonn **[]** arb ionann **do** gach aonad den leagan sin **na saintréithe teicniúla ar an lipéad, an bhileog faisnéise faoin táirge, agus an t-aitheantóir múnla** **[]**;

(22) **ciallaíonn 'lamháltas fíorúcháin' an diallas uasta is inghlactha, mar thoradh ar inathraitheacht idirshaotharlainne, de thorthaí tomhais agus ríomha na dtástálacha fíorúcháin a rinne údaráis faireachais margaidh, nó a rinneadh thar a gceann, i gcomparáid le luachanna na bparaiméadar dearbhaithe nó foilsithe** **[]**.

*Airteagal 4*

**Freagrachtaí soláthróirí bonn**

1. Áiritheoidh na soláthróirí go bhfuil an méid seo a leanas ag gabháil le boinn C1, boinn C2 agus boinn C3 a chuirfear ar an margadh:

   (a) maidir le gach bonn aonair, **[]** **<u>lipéad</u>** a chomhlíonann Iarscríbhinn II i bhfoirm greamáin, lena gcuirfear in iúl faisnéis agus aicme gach ceann de na paraiméadair a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus **[]** **<u>bileog faisnéise faoin táirge</u>** mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV; **<u>nó</u>**

   (b) maidir le gach baisc d'aon bhonn amháin nó níos mó bonn atá comhionann, **[]** **<u>lipéad</u>** a chomhlíonann Iarscríbhinn II i bhfoirm chlóite [...], lena gcuirfear in iúl faisnéis agus aicme gach ceann de na paraiméadair a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus **[]** **<u>bileog faisnéise faoin táirge</u>** mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

2. I dtaca le boinn **<u>a dhíoltar nó a thairgtear lena ndíol</u>** trí chiandíolachán **[]**, áiritheoidh na soláthróirí go mbeidh an lipéad ar taispeáint i ngaireacht don phraghas agus gur féidir teacht ar an mbileog faisnéise faoin táirge.

3. Áiritheoidh na soláthróirí go mbeidh an lipéad ar taispeáint in aon fhógra amhairc le haghaidh cineál sonrach **<u>boinn</u>** **[]**. **<u>Féadfaidh na soláthróirí an lipéad a chur ar fáil i bhfógraí ar líne le haghaidh cineál boinn faoi leith trína thaispeáint i dtaispeántas neadaithe.</u>**

4. Áiritheoidh na soláthróirí go mbeidh ceanglais Iarscríbhinn V á gcomhlíonadh ag aon ábhar fógraíochta teicniúil a bhaineann le cineál sonrach **<u>boinn</u>****[]**.

5. Áiritheoidh na soláthróirí go mbeidh na luachanna **<u>agus an doiciméadacht a úsáidfear, i gcomhréir leis an Rialachán seo []</u>** chun na haicmí gaolmhara agus aon fhaisnéis bhreise a chinneadh faoi fheidhmíocht **<u>a</u>** dhearbhaíonn siad ar an lipéad **[]** le haghaidh na bparaiméadar [] a leagtar amach in Iarscríbhinn I **<u>a ghabhann [] leis an Rialachán seo</u>**, go mbeidh siad ar comhréir leis na luachanna agus an doiciméadacht theicniúil **<u>a áirítear sna doiciméid</u>** **[]** chineálcheadaithe.

6. Áiritheoidh na soláthróirí go mbeidh na lipéid agus na bileoga faisnéise faoi tháirge a sholáthraíonn siad cruinn.

**[]**

8. **Oibreoidh** na soláthróirí i gcomhar le húdaráis faireachais margaidh agus gníomhóidh siad gan mhoill chun aon chás de neamhchomhlíonadh na gceanglas, arb é a chúram é, a leagtar amach sa Rialachán seo, a leigheas ar a gconlán féin nó nuair a éileoidh údaráis faireachais margaidh orthu é.

9. Ní dhéanfaidh na soláthróirí lipéid, marcanna, siombailí ná inscríbhinní eile a sholáthar ná a chur ar taispeáint nach gcomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo, más dóchúil go gcuirfeadh siad úsáideoirí deiridh [...] ar míthreoir nó go gcuirfeadh siad mearbhall orthu maidir leis na paraiméadair **[]** a leagtar amach **in Iarscríbhinn I dá ndéanfaidís amhlaidh.**.

10. Ní dhéanfaidh na soláthróirí lipéid **[]** **a chur ar fáil** ná a chur ar taispeáint a dhéanann aithris ar an lipéad dá bhforáiltear leis an Rialachán seo.

*Airteagal 5*

**Oibleagáidí soláthróirí bonn i ndáil leis an mbunachar sonraí táirgí**

1. **Ó**n [] 1 **Meitheamh** 202**1** [], déanfaidh na soláthróirí, sula gcuirfidh siad bonn ar an margadh [], an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn **VIIa** [] a iontráil **sa bhunachar sonraí**.

2. **[]** **Maidir le** boinn **a** chuirtear ar an margadh idir [cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus an 31**[]** **Bealtaine** **2021[]**, déanfaidh an soláthróir, faoin **31** **[]** **Nollaig** **[]** 202**1**, **ar a dhéanaí**, an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn **VIIa[]** I ndáil leis na boinn sin **a iontráil sa bhunachar sonraí táirgí**.

3. Go dtí go ndéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 a iontráil **sa** bhunachar sonraí táirgí, cuirfidh an soláthróir leagan leictreonach den doiciméadacht theicniúil ar fáil lena n-iniúchadh laistigh de 10 lá **oibre** tar éis iarraidh **a fháil** ó údaráis faireachais margaidh.

**3.a Má bhíonn gá ag na húdaráis chineálcheadaithe nó ag na húdaráis faireachais margaidh le sonraí seachas na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn VIIa chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chur i gcrích, beidh siad in ann iad a fháil ón soláthróir laistigh de 10 lá oibre tar éis iarraidh a fháil.**

4. Measfar gur cineál nua boinn é bonn ar a ndéantar athruithe atá ábhartha don lipéad nó don bhileog faisnéise faoin táirge. Cuirfidh an soláthróir in iúl sa bhunachar sonraí nuair nach mbeidh aonaid de chineál **áirithe** boinn á gcur acu ar an margadh a thuilleadh.

5. Nuair a chuirfear an t-aonad deiridh de chineál **boinn** [] ar an margadh, coimeádfaidh an soláthróir an fhaisnéis maidir leis an gcineál sin **boinn** sa chuid den bhunachar sonraí táirgí a bhaineann le comhlíonadh ar feadh tréimhse cúig bliana.

*Airteagal 6*

**Freagrachtaí dáileoirí bonn**

1. Áiritheoidh na dáileoirí an méid seo a leanas:

   **(a)** **ag an bpointe díola,** go mbeidh lipéad ar bhoinn i gcomhréir le hIarscríbhinn II, i bhfoirm greamán arna sholáthar ag **an** soláthróir[...] i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 4(1), in áit a mbeidh sé le feiceáil go soiléir, **agus go mbeidh an bhileog faisnéise faoin táirge mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV ar fáil**; **nó**

   (b) sula ndíolfar bonn **ar cuid é [] de** bhaisc d'aon bhonn amháin nó níos mó bonn atá comhionann, go dtaispeánfar an lipéad dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 4(1) don úsáideoir deiridh agus go cuirfear ar taispeáint go soiléir é i ngaireacht don bhonn ag an bpointe díola, **agus go mbeidh an bhileog faisnéise faoin táirge mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV ar fáil**.

2. Áiritheoidh na dáileoirí go mbeidh an [] lipéad ar taispeáint in aon fhógra amhairc le haghaidh cineál sonrach **boinn**. **Féadfaidh na dáileoirí an lipéad a chur ar fáil i bhfógraí ar líne le haghaidh cineál boinn faoi leith trína thaispeáint i dtaispeántas neadaithe.**

3. Áiritheoidh na dáileoirí go mbeidh ceanglais Iarscríbhinn V á gcomhlíonadh ag aon ábhar fógraíochta teicniúil a bhaineann le cineál sonrach **boinn**.

4. Áiritheoidh na dáileoirí go gcuirfear cóip den lipéad ar fáil don úsáideoir deiridh roimh an díolachán i gcás nach mbeidh boinn a sholáthraítear lena ndíol le feiceáil ag **an** úsáideoir **[]**deiridh **tráth an díolacháin**.

5. Áiritheoidh na dáileoirí nach mór d'aon chiandíolachán ar pháipéar an lipéad **a chur** ar taispeáint agus go mbeidh rochtain ag an úsáideoir deiridh ar an mbileog faisnéise faoin táirge ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain shaor in aisce air, nó go **bhféadfaidh** an t-úsáideoir deiridh cóip chlóite den **bhileog faisnéise faoin táirge** a iarraidh.

6. Déanfaidh na dáileoirí **a bhaineann** úsáid**[]** as ciandíolachán atá bunaithe ar theileamhargaíocht aicmí na bparaiméadar **[]** riachtanach atá ar an lipéad a chur in iúl do na húsáideoirí deiridh, agus **cuirfidh siad in iúl** dóibh freisin go bhféadfaidh siad rochtain a bheith acu ar an lipéad iomlán agus ar an mbileog faisnéise faoin táirge ar shuíomh gréasáin ar a bhfuil rochtain shaor in aisce, nó trí chóip chlóite a iarraidh.

7. I dtaca le boinn a dhíoltar ar an **[]idirlíon**, áiritheoidh na dáileoirí go mbeidh an lipéad ar taispeáint i ngaireacht don phraghas agus gur féidir teacht ar an mbileog faisnéise faoin táirge. **Beidh an lipéad ar mhéid a chiallóidh go mbeidh sé le feiceáil go soiléir agus go mbeidh sé soléite agus comhréireach leis an méid a shonraítear i bpointe 2.1. d'Iarscríbhinn II.**

*Airteagal 7*

**Freagrachtaí soláthróirí feithiclí agus dáileoirí feithiclí**

I gcás ina mbeidh sé i gceist ag na húsáideoirí deiridh feithicil nua a cheannach, cuirfidh na soláthróirí feithiclí agus na dáileoirí feithiclí, **roimh an díolachán**, an lipéad do na boinn a sholáthraítear nó a **shuiteáiltear** leis an bhfeithicil, **[]** agus aon ábhar fógraíochta teicniúil ábhartha ar fáil do na húsáideoirí deiridh sin, **agus áiritheoidh siad go mbeidh an bhileog faisnéise faoin táirge mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV ar fáil**.

*Airteagal 7a*

**Oibleagáidí na n-ardán óstála idirlín**

**I gcás ina gceadaíonn soláthraí seirbhíse óstála, dá dtagraítear in Airteagal 14 de Threoir 2000/31/CE boinn a dhíol trína shuíomh idirlín, is faoin soláthraí seirbhíse a bheidh sé an lipéad agus an bhileog faisnéise faoin táirge arna soláthar ag an soláthróir a thaispeáint ar an sásra taispeána agus cuirfidh sé an dáileoir ar an eolas faoin oibleagáid atá ann iad a thaispeáint.**

*Airteagal 8*

**Modhanna tástála agus tomhais**

Is **i gcomhréir leis** na modhanna tástála **[][]** dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, agus leis an nós imeachta saotharlainne ailínithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI, a gheofar an fhaisnéis atá le soláthar faoi Airteagal 4, Airteagal 6 agus Airteagal 7 maidir leis na paraiméadair a léirítear ar an lipéad.

*Airteagal 9*

**An nós imeachta fíorúcháin**

Déanfaidh na Ballstáit comhréireacht na n-aicmí dearbhaithe do gach [][]ceann de na paraiméadair riachtanacha **a leagtar amach** in Iarscríbhinn I a mheas i gcomhréir leis an nós imeachta **fíorúcháin** a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

*Airteagal 10*

**Oibleagáidí na mBallstát**

1. Ní chuirfidh na Ballstáit bac ar bhoinn a chomhlíonann an Rialachán seo a chur ar an margadh nó i seirbhís, laistigh dá gcríocha.

2. I gcás boinn atá in aicme atá faoi bhun aicme B, ní dhéanfaidh na Ballstáit dreasachtaí a sholáthar i leith éifeachtúlacht bhreosla ná i leith **feidhmíocht** fliuchghreama de réir bhrí Chuid A agus Chuid B d'Iarscríbhinn I faoi seach. Chun críocha an Rialacháin seo, ní dreasachtaí iad bearta cánachais ná bearta fioscacha.

**2a I gcás ina mbeidh cúis leordhóthanach ag údarás náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 3(37) de Rialachán (AE) 2018/858 lena chreidiúint nach ndearna soláthróir cruinneas an lipéid a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 4(6), fíoróidh sé go bhfuil na haicmí agus aon fhaisnéis feidhmíochta bhreise a dhearbhaítear ar an lipéad ar comhréir leis na luachanna agus leis an doiciméadacht a thíolaic an soláthróir i gcomhréir le hAirteagal 4(5).**

3. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha maidir le pionóis agus sásraí forfheidhmiúcháin is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus ar na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhun a leagan síos, agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, faoin 1 Meitheamh 202**1[]**, faoi na rialacha **agus na bearta** dá dtagraítear i mír 3 nár tugadh fógra don Choimisiún roimhe sin fúthu agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

*Airteagal 11*

**Faireachas Aontais ar an margadh agus rialú ar tháirgí a thagann isteach ar mhargadh an Aontais**

1. Beidh feidhm ag [*Airteagal 16 go hAirteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008]* ***nó ag*** *an Rialachán maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú ar tíolacadh togra lena aghaidh faoi COM (2017)795* ] maidir leis **na boinn[]** a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe **agus cur chun feidhme** ábhartha arna nglacadh dá bhun.

2. Spreagfaidh an Coimisiún comhar agus malartú faisnéise faoi fhaireachas margaidh i dtaca le lipéadú **bonn**, **[]** idir údaráis náisiúnta na mBallstát atá freagrach as faireachas margaidh nó atá i gceannas ar rialú **na mbonn** a thagann isteach ar mhargadh an Aontais, agus idir **na húdaráis sin** agus an Coimisiún, go háirithe trí pháirt **níos mó** a thabhairt don Ghrúpa saineolaithe um an gComhar Riaracháin maidir le Faireachas Margaidh faoi lipéadú bonn.

3. Áireofar i gcláir ghinearálta um fhaireachas margaidh na mBallstát arna mbunú de bhun [*Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008/* ***nó an*** *Rialachán maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú ar tíolacadh togra lena aghaidh faoi COM(2017)795*] gníomhaíochtaí le forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú.

**4. Beidh an ceart ag údaráis faireachais margaidh na costais a bhaineann le doiciméid a iniúchadh agus le tástáil fhisiciúil a dhéanamh ar tháirgí a aisghabháil ón soláthróir i gcás neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo nó na ngníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe ábhartha.**

*Airteagal 11a*

**Nós imeachta coiste**

**1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a beidh sa choiste sin.**

**2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.**

**3. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.**

*Airteagal 12*

**Gníomhartha tarmligthe**

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) [] **Iarscríbhinn II a leasú maidir le** hinneachar agus formáid an lipéid;

(b) **[]**

(c) **Iarscríbhinn I, cuid D agus E, Iarscríbhinní II, IV,V, VI, VII, VIIa agus VIII [] a leasú trí na luachanna,** modhanna ríofa agus ceanglais **a leagtar amach iontu a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, gan dochar d'Airteagal 14a.**

I gcás inarb iomchuí, nuair a bheidh gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú ag an gCoimisiún, déanfaidh an Coimisiún dearadh agus inneachar na lipéad le haghaidh **boinn []** shonracha a thástáil le grúpaí ionadaíocha de chustaiméirí an Aontais lena n-áirithiú **[]** go bhfuil na lipéid **soiléir sothuigthe agus foilseoidh an Coimisiún na torthaí**.

*Airteagal 13*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ó [*cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná **ag** an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus **don** Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 14

**Meastóireacht agus tuairisciú**

Faoin 1 Meitheamh 202**7** **[], **déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

Leis an tuarascáil sin, déanfar measúnú ar a éifeachtaí a bhí an Rialachán seo agus na gníomhartha **cur chun feidhme agus** tarmligthe arna nglacadh **dá bhun** maidir le **tabhairt** ar úsáideoirí**[]** deiridh boinn níos ardfheidhmíochta **[...]** a roghnú, agus an tionchar ar ghnó, ídiú fuinnimh, sábháilteacht, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus gníomhaíochtaí faireachais margaidh á gcur san áireamh. Déanfaidh sé measúnú freisin ar na costais agus ar na sochair a bhaineann fíorú **éigeantach** neamhspleách ag tríú páirtí ar an bhfaisnéis a thugtar sa lipéad, agus an taithí a fuarthas ar an gcreat réime níos leithne a cuireadh ar fáil le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 á cur san áireamh freisin.

***Airteagal 14a***

**Clásal athbhreithnithe**

**A luaithe agus bheidh modhanna iomchuí tástála ar fáil, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar thabhairt isteach paraiméadar nó ceanglas faisnéise maidir le míleáiste agus scríobadh agus, más iomchuí, cuirfidh sé togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.**

*Airteagal 15*

**Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/1369**

In Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1369, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

> **[]**'(a) tacú leis na húdaráis faireachais margaidh agus na cúraimí á gcur i gcrích atá orthu faoin Rialachán seo agus faoi na gníomhartha tarmligthe ábhartha, lena n-áirítear an céanna a fhorfheidhmiú, agus faoi Rialachán (AE) **.../... <u>ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle</u>**[...] **<u>[]'.</u>**

______________

**<u>* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlacht bhreosla agus paraiméadair riachtanacha eile, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2017/1369 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 (IO L ...).</u>**

*Airteagal 16*

**Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 a aisghairm**

Déantar Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 a aisghairm **<u>amhail ón 1 Meitheamh 2021</u>**.

Déanfar tagairtí do na Rialacháin aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn VIII.

*Airteagal 17*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Meitheamh 202**1**[].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

*IARSCRÍBHINN I*

**Paraiméadair bhoinn a thástáil, a ghrádú agus a thomhas**

Cuid A: Aicmí éifeachtúlachta breosla **agus comhéifeacht friotaíochta rollta**

Déanfar an aicme éifeachtúlachta breosla a chinneadh agus a léiriú ar an lipéad ar bhonn chomhéifeacht na friotaíochta rollta (RRC) de réir an scála 'A' go 'G' a shonraítear thíos, arna thomhas í gcomhréir le hIarscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán UNECE Uimh. 117 agus leis na leasuithe iardain arna ndéanamh air, agus arna ailíniú de réir an nós imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinn VI.

Má dhéantar cineál boinn a fhormheas le haghaidh níos mó ná aon aicme boinn amháin (e.g. C1 agus C2), is é an scála grádaithe sin atá infheidhme maidir leis an aicme is airde boinn (e.g. C2, seachas C1) an scála a úsáidfear chun aicme éifeachtúlachta breosla an chineáil sin boinn a chinneadh.

| [] | | [] | | [] | |
|---|---|---|---|---|---|
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |

| **Boinn C1** | | **Boinn C2** | | **[...] Boinn C3** | |
|---|---|---|---|---|---|
| **RRC i kg/t** | **Aicme éifeachtúlachta breosla** | **RRC i kg/t** | **Aicme éifeachtúlachta breosla** | **RRC i kg/t** | **Aicme éifeachtúlachta breosla** |
| ***RRC ≤ 6,5*** | A | ***RRC ≤ 5,5*** | A | ***RRC ≤ 4,0*** | A |
| ***6,6 ≤ RRC ≤ 7,7*** | B | ***5,6 ≤ RRC ≤ 6,7*** | B | ***4,1 ≤ RRC ≤ 5,0*** | B |
| ***7,8 ≤ RRC ≤ 9,0*** | C | ***6,8 ≤ RRC ≤ 8,0*** | C | ***5,1 ≤ RRC ≤ 6,0*** | C |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| ***Folamh*** | D | ***Folamh*** | D | ***6,1 ≤ RRC ≤ 7,0*** | D |
| ***9,1 ≤ RRC ≤ 10,5*** | E | ***8,1 ≤ RRC ≤ 9,2*** | E | ***7,1 ≤ RRC ≤ 8,0*** | E |
| ***10,6 ≤ RRC ≤ 12,0*** | F | ***9,3 ≤ RRC ≤ 10,5*** | F | ***RRC ≥ 8,1*** | F |
| ***RRC ≥ 12,1*** | ***G*** | ***RRC ≥ 10,6*** | ***G*** | ***Folamh*** | ***G*** |

Cuid B: Aicmí fliuchghreama

1. Déanfar an aicme fliuchghreama a chinneadh agus a léiriú ar an lipéad ar bhonn na treoiruimhreach fliuchghreama (G) de réir an scála 'A' go 'G' a shonraítear sa tábla thíos, arna ríomh i gcomhréir le pointe 2 agus arna thomhas i gcomhréir le hIarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán UNECE Uimh. 117.

2. An treoiruimhir fliuchghreama (G) a ríomh

*G* = *G(T)* - 0,03

i gcás:

G(T) = treoiruimhir fliuchghreama an bhoinn iarrthaigh mar a thomhaistear in aon timthriall tástála amháin í

| [] | | [] | | [] | |
|---|---|---|---|---|---|
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |
| [] | [] | [] | [] | [] | [] |

| Boinn C1 | | Boinn C2 | | Boinn C3 | |
|---|---|---|---|---|---|
| G | Aicme fliuchghreama | G | Aicme fliuchghreama | G | Aicme fliuchghreama |
| *1,55 ≤ G* | A | *1,40 ≤ G* | A | *1,25 ≤ G* | A |
| *1,40 ≤ G ≤ 1,54* | B | *1,25 ≤ G ≤ 1,39* | B | *1,10 ≤ G ≤ 1,24* | B |
| *1,25 ≤ G ≤ 1,39* | C | *1,10 ≤ G ≤ 1,24* | C | *0,95 ≤ G ≤ 1,09* | C |
| *Folamh* | D | *Folamh* | D | *0,80 ≤ G ≤ 0,94* | D |
| 1,10 ≤ G ≤ 1,24 | E | 0,95 ≤ G ≤ 1,09 | E | *0,65 ≤ G ≤ 0,79* | E |
| G ≤ 1,09 | F | G ≤ 0,94 | F | *G ≤ 0,64* | F |
| Folamh | G | Folamh | G | *Folamh* | G |

Cuid C: Aicmí torainn sheachtraigh rollta agus luach tomhaiste

Déanfar luach tomhaiste an torainn sheachtraigh rollta (N) a dhearbhú i ndeicibeilí agus a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn 3 a ghabhann le Rialachán UNECE Uimh. 117.

Déanfar aicme an torainn sheachtraigh rollta a chinneadh agus a léiriú ar an lipéad mar a leanas, ar bhonn na luachanna teorann (LV) a leagtar amach i gCuid C d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009.

**[]**

**N in dB**

**Aicme an torainn sheachtraigh rollta**



***N ≤ LV - 3***



***LV - 3 < N ≤ LV***



***N > LV***

Cuid D: Greim sneachta

Déanfar an fheidhmíocht sa sneachta a thástáil i gcomhréir le hIarscríbhinn 7 a ghabhann le Rialachán UNECE Uimh. 117.

Rangófar mar bhonn sneachta **lena úsáid i gcás diandálaí sneachta** bonn a chomhlíonann na luachanna íosta maidir le treoiruimhir sneachta a leagtar amach i Rialachán UNECE Uimh. 117 agus áireofar an deilbhín seo a leanas ar an lipéad.



Cuid E: Greim ar an oighear:

Déanfar an fheidhmíocht ar an oighear a a thástáil i gcomhréir le ISO 19447.

Rangófar mar bhonn oighir bonn a chomhlíonann na luachanna íosta maidir le treoiruimhir oighir a leagtar amach in ISO 19447 agus áireofar an deilbhín seo a leanas ar an lipéad.

**[**  **]**[1]

---


[1] ***Lógó idir lúibíní cearnacha go dtí n-eiseofar an lógó nua faoi ISO.***

*IARSCRÍBHINN II*

**Formáid an lipéid**

## 1. LIPÉID


1.1. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh ar na lipéid i gcomhréir leis na léaráidí thíos:




I, II, III

IV, V


VI




I, II, III

IV, V

VI, VII




I. [] **Trádainm** nó trádmharc **an tsoláthróra**;

II. [] **Aitheantóir** múnla **an tsoláthróra**, nuair a chiallaíonn 'aitheantóir múnla' an cód, é alfa-uimhriúil de ghnáth, lena ndéantar dealú idir cineál sonrach boinn agus cineálacha eile **boinn** arb **ionann trádainm nó trádmharc de chuid an tsoláthróra** dóibh;

III. Cód QR;

IV. Éifeachtúlacht bhreosla;

V. **Feidhmíocht** fliuchghreama;


VI. Torann seachtrach rollta;

VII. **Feidhmíocht** greama sneachta;

VIII. **Feidhmíocht** oighearghreama.

## 2. DEARADH AN LIPÉID

2.1. Beidh dearadh an lipéid mar atá san fhigiúr thíos:


5 mm
5 mm
5 mm
5 mm
3 mm
3 mm
2018/XXX
BRAND
Model Number
A
B
C
D
E
F
A
A
B
C
D
E
F
G
5,6 mm
9 mm
72 dB
130 mm
5 mm
5 mm
5 mm
5 mm
90 mm
1
2
3
4
5
6
7
8
9
10
11
12
13
14
15

2.2. Beidh an lipéad ar a laghad 90 mm ar leithead agus 130 mm ar airde. I gcás ina gclóbhuailtear an lipéad i bhformáid atá níos mó ná sin[], fanfaidh **inneachar** an **lipéid** i gcomhréir leis na sonraíochtaí thuas.

2.3. **Comhlíonfaidh []** an lipéad na ceanglais seo a leanas:

(a) Is iad na dathanna a bheidh ann ná CMBD - cian, maigeanta, buí agus dubh - agus luafar iad de réir an tsampla seo a leanas: 00-70-X-00: 0 % cian, 70 % maigeanta, 100 % buí, 0 % dubh;

(b) Is do na heochracha eolais atá luaite i bpointe 2.1 a thagraíonn na huimhreacha atá liostaithe thíos:

(1) Imeall an lipéid: fleasc: 1,5 pt - dath: X-10-00-05;

(2) Calibri regular 8 pt;

(3) Brat na hEorpa: leithead: 15 mm, airde: 10 mm;

(4) Meirge: leithead: 51,5 mm, airde: 13 mm;

*Téacs "BRAND":* Calibri regular 15 pt, 100 % bán;

*Téacs "Model* **[]** ***identifier****":* Calibri regular 13 pt, 100 % bán;

(5) Cód QR: leithead: 13 mm, airde: 13 mm;

(6) Scála 'A' go 'F':

Saigheada: airde: 5,6 mm, bearna: 0,78 mm, fleasc dhubh: 0,5 pt – dathanna:

– A: X-00-X-00;

– B: 70-00-X-00;

– C: 30-00-X-00;

– D: 00-00-X-00;

– E: 00-30-X-00;

– F: 00-70-X-00.

(7) Líne: leithead: 88 mm, airde: 2 pt - Dath: X-00-00-00;

(8) Picteagram don torann seachtrach rollta:

Picteagram mar atá léirithe: 25,5 mm, airde: 17 mm – dath: X-10-00-05;

(9) Saighead:

*Saighead:* leithead: 20 mm, airde: 10 mm, 100 % dubh;

*Téacs:* Helvetica Bold 20 pt, 100 % bán;

*Téacs an aonaid:* Helvetica Bold 13 pt, 100 % bán;

(10) Picteagram d'oighear:

Picteagram mar atá léirithe: 15 mm, airde: 15 mm – fleasc: 1,5 pt - dath: 100 % dubh;

(11) Picteagram den sneachta:

Picteagram mar atá léirithe: leithead: 15 mm, airde: 15 mm – fleasc: 1,5 pt - dath: 100 % dubh;

(12) 'A' go 'G': Calibri regular 13 pt – 100 % dubh;

(13) Saigheada:

*Saigheada:* leithead: 11,4 mm, airde: 9 mm, 100 % dubh;

*Téacs: Calibri Bold 17 pt, 100 % bán;*

(14) Picteagram d'éifeachtúlacht bhreosla:

Picteagram mar atá léirithe: leithead: 19,5 mm, airde: 18,5 mm – dath: X-10-00-05;

(15) Picteagram den fhliuchghreim:

Picteagram mar atá léirithe: leithead: 19 mm, airde: 19 mm – dath: X-10-00-05.

(c) Cúlra bán a bheidh ann.

2.4. Beidh an aicme boinn ar taispeáint ar an lipéad i bhformáid **[]** **na** léaráide atá i bpointe 2.1.

[]

*IARSCRÍBHINN IV*

**Bileog faisnéise faoin táirge**

Beidh an fhaisnéis ar an mbileog faisnéise faoi bhoinn san áireamh i mbróisiúr na táirge nó i ndoiciméid eile a chuirfear ar fáil leis an **mbonn** agus beidh an méid seo a leanas san áireamh leis:

(a) **[]** **trádainm** nó trádmharc **an tsoláthróra**, **nó an mhonaróra murab ionann iad**;

(b) **[]** aitheantóir **múnla** **an tsoláthróra**;

(c) **aicme** éifeachtúlachta breosla an bhoinn i gcomhréir le hIarscríbhinn I;

(d) **aicme** fliuchghreama an bhoinn i gcomhréir le hIarscríbhinn I;

(e) **an aicme** torainn sheachtraigh rollta agus na deicibeilí i gcomhréir le hIarscríbhinn I;

(f) cibé acu is bonn sneachta é an bonn le haghaidh úsáide **i gcás diandálaí sneachta** nó nach ea;

(g) cibé acu is bonn oighir é an bonn nó nach ea;

**(h)** **dáta táirgthe an bhoinn.**

*IARSCRÍBHINN V*

**Faisnéis a sholáthrófar in ábhar fógraíochta teicniúil**

1. **Is san ord seo a leanas** a sholáthrófar faisnéis faoi bhoinn a bheidh san áireamh in ábhar fógraíochta teicniúil[]:

   (a) an aicme éifeachtúlachta breosla (an litir 'A' go 'F');

   (b) an aicme fliuchghreama (an litir 'A' go 'G');

   (c) luach tomhaiste agus aicme an torainn sheachtraigh rollta (dB);

   (d) cibé acu is bonn sneachta é an bonn nó nach ea;

   (e) cibé acu is bonn oighir é an bonn nó nach ea.

2. Comhlíonfaidh an fhaisnéis **dá dtagraítear** i bpointe 1 na ceanglais seo a leanas:

   (a) **beidh sí** soléite;

   (b) **beidh sí** sothuigthe;

   (c) má tá grádú éagsúil ar fáil le haghaidh cineáil áirithe boinn, de réir toise nó paraiméadar eile, **luafar** an raon idir an bonn is ísle feidhmíochta agus an bonn is airde feidhmíochta.

3. Ina theannta sin, ní mór do na soláthróirí an méid seo a leanas a chur ar fáil ar a láithreáin ghréasáin:

   (a) nasc leis an leathanach gréasáin ábhartha de chuid an Choimisiúin atá tiomnaithe don Rialachán seo;

   (b) míniú ar na picteagraim atá clóbhuailte ar an lipéad;

   (c) ráiteas ina dtugtar léiriú suntasach á rá go bhfuil spáráil breosla agus sábháilteacht ar bhóithre ag brath go mór ar iompraíocht an tiománaí, agus go háirithe, na nithe seo a leanas á léiriú:

      – is féidir ídiú breosla a laghdú go mór ach a bheith ag tiomáint ar bhealach éiceolaíoch;

      – is gá brú na mbonn a sheiceáil go rialta chun an **fheidhmíocht** fliuchghreama agus an éifeachtúlacht bhreosla **[]** a bharrfheabhsú;

      – ní mór faid stoptha a urramú [] i gcónaí.

*IARSCRÍBHINN VI*

**Nós imeachta ailínithe saotharlainne le friotaíocht rollta a thomhas**

## 1. SAINMHÍNITHE

Chun críocha an nós imeachta ailínithe saotharlainne le **friotaíocht rollta a thomhas**, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas**[]**:

1. ciallaíonn 'saotharlann tagartha' saotharlann ar cuid í de líonra na saotharlann ar foilsíodh a n-ainmneacha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, **chun críocha an nós imeachta ailínithe saotharlainne**, agus atá in ann cruinneas na dtorthaí tástála a bhaint amach a chinntear in Roinn 3 lena meaisín tagartha;

2. ciallaíonn 'saotharlann iarrthach' saotharlann a ghlacann páirt sa nós imeachta ailínithe **saotharlainne** nach saotharlann tagartha í;

3. ciallaíonn 'bonn ailínithe' bonn arna thástáil chun críocha an nós imeachta ailínithe **saotharlainne** a fheidhmiú;

4. ciallaíonn 'tacar bonn ailínithe' [...] tacar de chúig bhonn ailínithe nó níos mó chun aon mheaisín amháin a ailíniú;

5. ciallaíonn 'luach sannta' luach teoiriciúil **[]c**homhéifeacht na **[]f**riotaíochta **[]r**ollta (RRC) d'aon bhonn ailínithe mar a thomhaistear é i saotharlann tagartha atá ionadaíoch ar an líonra saotharlann tagartha a úsáidtear don nós imeachta ailínithe **saotharlainne**;

6. ciallaíonn 'meaisín' gach fearsaid tástála boinn in aon mhodh sonrach tomhaiste amháin. Mar shampla, ní mheasfar gurb aon mheaisín amháin iad dhá fhearsaid ag gníomhú ar an druma céanna.

## 2. FORÁLACHA GINEARÁLTA

### 2.1. Prionsabal

Beidh []**c**omhéifeacht thomhaiste (m) na []**f**riotaíochta []**r**ollta i saotharlann tagartha (l), (RRCm,l), ailínithe le luachanna sannta líonra na saotharlann tagartha.

Déanfar **[]***c**omhéifeacht thomhaiste (m) na* **[]***f**riotaíochta* **[]***r**ollta arna fáil trí mheaisín i saotharlann iarrthach (c), $RRC_{m,c}$,* a ailíniú trí shaotharlann tagartha amháin dá rogha líonra.

### 2.2. Ceanglais maidir le bonn a roghnú

Roghnófar tacar de chúig bhonn ailínithe nó níos mó le haghaidh an phróisis ailínithe leis na critéir thíos a chomhlíonadh. Roghnófar tacar amháin le haghaidh boinn C1 agus boinn C2 le chéile, agus tacar eile le haghaidh boinn C3.

(a) Roghnófar an tacar bonn ailínithe chun raon na *RRCanna* éagsúla de bhoinn C1 agus boinn C2 le chéile nó de bhoinn C3 a chumhdach. Ar aon chaoi, beidh an difríocht idir an RRCm is airde den tacar bonn, agus an RRCm is ísle den tacar bonn, roimh agus tar éis ailínithe, ar a laghad cothrom leis an méid seo a leanas:

(i) 3 kg/t le haghaidh boinn C1 agus boinn C2; agus

(ii) 2 kg/t le haghaidh boinn C3.

(b) Déanfar an $RRC_{m}$ sna saotharlanna iarrthacha nó sna saotharlanna tagartha ($RRC_{m,c}$ nó $RRC_{m,l}$) bunaithe ar luachanna dearbhaithe RRC gach boinn ailínithe sa tacar a dháileadh go cothrom.

(c) Cumhdóidh luachanna na treoiruimhreach ualaigh go leordhóthanach raon na mbonn a bheidh le tástáil, rud a chinnteoidh go gcumhdóidh luachanna fórsa na friotaíochta rollta raon na mbonn a bheidh le tástáil freisin.

Déanfar gach bonn ailínithe a sheiceáil roimh a úsáide agus **déanfar é** a ionadú nuair atá an méid seo a leanas i gceist leis:

(i) [] **léiríonn an bonn ailínithe** go bhfuil sé i riocht a fhágann nach féidir é a úsáid le haghaidh tuilleadh tástálacha; agus/nó

(j) tá diallais de RRCm,c nó RRCm,l ann atá níos mó ná 1,5 faoin gcéad i gcomparáid le tomhais níos luaithe tar éis cheartúchán a dhéanamh i leith aon fhéithiú meaisín.

**2.3. Modh tomhais**

Tomhaisfidh an tsaotharlann tagartha gach bonn ailínithe ceithre huaire agus coinneoidh sí na trí thoradh deiridh le haghaidh tuilleadh anailíse, i gcomhréir le halt 4 d'Iarscríbhinn 6 **a ghabhann le** Rialachán UNECE Uimh. 117 agus na leasuithe iardain arna ndéanamh air agus []**faoi na** coinníollacha a leagtar amach i mír 3 d'Iarscríbhinn 6 [] **a ghabhann le Rialachán** UNECE Uimh. 117 agus na leasuithe iardain arna ndéanamh air.

Tomhaisfidh an tsaotharlann iarrtha gach bonn ailínithe (n+1) uair, agus n sainmhínithe i Roinn 5 **den Iarscríbhinn seo**, agus coinneoidh sí na n toradh deiridh le haghaidh tuilleadh anailíse, i gcomhréir le mír 4 d'Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán UNECE Uimh. 117 agus na leasuithe iardain arna ndéanamh air agus ag cur na coinníollacha a leagtar amach i mír 3 d'Iarscríbhinn 6 [] a **ghabhann le** Rialachán UNECE Uimh. 117 agus na leasuithe iardain arna ndéanamh air i bhfeidhm.

Gach uair a dtomhaisfear bonn ailínithe, bainfear an chóimeáil boinn/rotha ón meaisín agus leanfar an nós imeachta tástála iomlán [] **dá dtagraítear** i mír 4 d'Iarscríbhinn 6 **a ghabhann le Rialachán** UNECE Uimh. 117 agus na leasuithe iardain arna ndéanamh air arís ón tús.

Déanfaidh an tsaotharlann iarrthach nó an tsaotharlann tagartha an méid seo a leanas a ríomh:

(a) luach tomhaiste gach boinn ailínithe i leith gach tomhais mar a shonraítear i mír 6.2 agus mír 6.3 [] **d'Iarscríbhinn 6** a ghabhann le Rialachán UNECE Uimh. 117 agus na leasuithe iardain arna ndéanamh air (i.e. ceartuithe i leith teochta de 25 °C agus trastomhais druma de 2 m);

(b) **meánluach na dtrí luach tomhaiste deiridh do gach bonn ailínithe** (i gcás saotharlanna tagartha) nó **meánluach na n luachanna tomhaiste deiridh do gach bonn ailínithe** (i gcás saotharlanna iarrthacha) []agus

(c) an diallas caighdeánach ($\sigma_m$) mar seo a leanas:

$$\sigma_m = \sqrt{\frac{1}{p} \cdot \sum_{i=1}^{p} \sigma^2{}_{m,i}}$$

$$\sigma_{m,i} = \sqrt{\frac{1}{n-1} \cdot \sum_{j=2}^{n+1} \left( Cr_{i,j} - \frac{1}{n} \cdot \sum_{j=2}^{n+1} Cr_{i,j} \right)^2}$$

i gcás:

gurb é i an t-áiritheoir ó 1 go p le haghaidh na mbonn ailínithe;
gurb é j an t-áiritheoir ó 2 go n+1 don n athdhéanamh deiridh de gach tomhais ar bhonn ailínithe faoi leith
gurb é n+1 líon na n-atomhas ar bhoinn (n+1=4 le haghaidh saotharlanna tagartha agus n+1 ≥4 le haghaidh saotharlanna iarrthacha);
gurb é p líon na mbonn ailínithe (p ≥ 5).

**2.4. Formáidí sonraí atá le húsáid le haghaidh ríomhaireachta agus le haghaidh torthaí**

– Déanfar na luachanna tomhaiste RRC a bheidh ceartaithe i leith trastomhais druma agus i leith teochta a shlánú go 2 dheachúil.

– Ansin déanfar an ríomhaireacht leis na digití go léir: ní dhéanfar aon slánú eile ach amháin ar na cothromóidí ailínithe deiridh.

– Taispeánfar gach luach a bhaineann le diallas caighdeánach go 3 dheachúil.

– Taispeánfar gach luach RRC go 2 dheachúil.

– Déanfar gach comhéifeacht ailínithe (A1l, B1l, A2c agus B2c) a shlánú agus a thaispeáint go 4 dheachúil.

## 3. CEANGLAIS IS INFHEIDHME MAIDIR LEIS NA SAOTHARLANNA TAGARTHA AGUS CINNEADH NA LUACHANNA SANNTA

Cinnfidh líonra saotharlann tagartha luachanna sannta gach boinn ailínithe. Déanfaidh an líonra cobhsaíocht agus bailíocht na luachanna sannta a mheas gach dara bliain.

Comhlíonfaidh gach saotharlann tagartha atá páirteach sa líonra sonraíochtaí Iarscríbhinn 6 **a ghabhann le** Rialachán UNECE Uimh. 117 agus na leasuithe arna ndéanamh air agus beidh diallas caighdeánach ($\sigma_m$) ann mar seo a leanas:

(a) nach mó ná 0,05 kg/t le haghaidh boinn d'aicme [] C1 agus aicme C2; agus

(b) nach mó ná 0,05 kg/t le haghaidh boinn [] d'aicme C3.

Déanfar **tacair** na [] mbonn ailínithe [], [] **i gcomhréir le sonraíochtaí** Roinn 2.2, a thomhas i gcomhréir le Roinn 2.3, ag gach saotharlann tagartha sa líonra.

Is ionann luach sannta gach boinn ailínithe agus meán na luachanna tomhaiste arna dtabhairt ag saotharlanna tagartha an líonra don bhonn ailínithe.

## 4. AN NÓS IMEACHTA CHUN SAOTHARLANN TAGARTHA A AILÍNIÚ LEIS NA LUACHANNA A SHANNTAR

Déanfaidh gach saotharlann tagartha í féin a ailíniú le gach tacar nua luachanna sannta agus i gcónaí tar éis aon athrú suntasach ar an meaisín nó aon fhéithiú sna sonraí faireacháin a bhaineann le bonn rialaithe an mheaisín.

Bainfidh an t-ailíniú úsáid as teicníc cúlchéimnithe línigh le haghaidh gach sonra aonair. Déanfar na comhéifeachtaí cúlchéimnithe, $A1_l$ agus $B1_l$, a ríomh mar seo a leanas:

$$RRC = A1_l * RRC_{m,l} + B1_l$$

i gcás:

gurb é *RRC* luach sannta chomhéifeacht na friotaíochta rollta;
gurb é $RRC_{m,l}$ luach tomhaiste aonair chomhéifeacht na friotaíochta rollta ag an tsaotharlann tagartha "l" (lena n-áirítear ceartúcháin i leith teochta agus trastomhais druma).

## 5. CEANGLAIS IS INFHEIDHME MAIDIR LE SAOTHARLANNA IARRTHACHA

Déanfaidh saotharlanna iarrthacha an nós imeachta ailínithe ar a laghad uair amháin gach dara bliain i leith gach meaisín agus i gcónaí tar éis aon athrú suntasach ar an meaisín nó aon fhéithiú de shonraí faireacháin a bhaineann le bonn rialaithe an mheaisín.

Déanfar tacar comhchoiteann de chúig bhonn éagsúla, **i gcomhréir le** **[]** sonraíochtaí Roinn 2.2, a thomhas i gcomhréir le Roinn 2.3, ag an tsaotharlann iarrthach ar dtús agus ina dhiaidh sin ag saotharlann tagartha amháin. Is féidir níos mó ná cúig bhonn ailínithe a thástáil má iarrann an tsaotharlann iarrthach é sin.

Soláthróidh an tsaotharlann iarrthach an bonn ailínithe don tsaotharlann tagartha roghnaithe.

Comhlíonfaidh an tsaotharlann iarrthach (c) sonraíochtaí Iarscríbhinn 6 **[]** **a ghabhann le** Rialachán UNECE Uimh. 117 agus na leasuithe arna ndéanamh air agus b'fhearr go mbeadh diallais chaighdeánacha *(***[]**$\sigma_m$*)* ann mar seo a leanas:

(a) nach mó ná 0,075 kg/t le haghaidh boinn d'aicme C1 agus aicme C2; agus

(b) nach mó ná 0,06 kg/t le haghaidh boinn d'aicme C3.

Más rud é go bhfuil diallas caighdeánach ($\sigma_m$) na saotharlainne iarrthaí níos airde ná na luachanna **sin** [] le ceithre thomhas, agus go n-úsáidtear na trí cinn dheiridh le haghaidh na ríomhaireachta, ansin méadófar líon n+1 na n-uaireanta a athdhéantar an tomhais mar seo a leanas i ndáil leis an mbaisc iomlán:

n+1 = 1+(σm/γ)2, slánaithe suas go dtí an chéad slánuimhir eile is airde

i gcás:

γ = 0,043 kg/t le haghaidh **[]** boinn C1 agus boinn C2

γ = 0,035 kg/t le haghaidh boinn **[]** C3

## 6. AN NÓS IMEACHTA CHUN SAOTHARLANN IARRTHACH A AILÍNIÚ

Déanfaidh saotharlann tagartha (**[] l**) amháin den líonra an fheidhm chúlchéimnithe líní ar shonraí aonair uile na saotharlainne iarrthaí (*c*) a ríomh. Déanfar na comhéifeachtaí cúlchéimnithe, $A2_c$ agus $B2_c$, a ríomh mar seo a leanas:

$$RRC_{m,l} = A2_c \times RRC_{m,c} + B2_c$$

i gcás:

gurb é $RRC_{m,l}$ luach tomhaiste aonair chomhéifeacht na friotaíochta rollta ag an tsaotharlann tagartha (**[] l**) (lena n-áirítear ceartúcháin i leith teochta agus trastomhais druma)

gurb é RRCm,c luach tomhaiste aonair chomhéifeacht na friotaíochta rollta ag an tsaotharlann iarrthach (c) (lena n-áirítear ceartúcháin i leith teochta agus trastomhais druma)

Má tá comhéifeacht chinntiúcháin $R^2$ faoi bhun 0,97, ní dhéanfar an tsaotharlann iarrthach a ailíniú.

**Déanfar** *RRC* ailínithe bonn arna dtástáil ag an tsaotharlann iarrthach [...] a ríomh mar seo a leanas:

$$RRC = (A1_l \times A2_c) \times RRC_{m,c} + (A1_l \times B2_c + B1_l)$$

*IARSCRÍBHINN VII*

**An nós imeachta fíorúcháin**

Déanfar comhréireacht na n-aicmí dearbhaithe maidir le héifeachtúlacht bhreosla, fliuchghreim agus torann seachtrach rollta leis an Rialachán seo, mar aon leis na luachanna dearbhaithe, agus aon fhaisnéis bhreise maidir le feidhmíocht a bheidh ar an lipéad, a mheasúnú i gcás gach cineáil boinn nó i gcás gach grúpála bonn, mar a chinneann an soláthróir, de réir ceann de na nósanna imeachta seo a leanas:

**1.** tástáiltear aon bhonn amháin nó aon tacar amháin bonn ar dtús:

**a.** Má tá an luach tomhaiste comhréireach leis an aicme dhearbhaithe nó le luach tomhaiste an torainn sheachtraigh rollta laistigh den lamháltas a shainmhínítear i dTábla 1, measfar go bhfuil toradh na tástála sásúil;

**b.** más rud é nach bhfuil na luachanna tomhaiste comhréireach leis na aicmí dearbhaithe nó le luach dearbhaithe an torainn sheachtraigh rollta laistigh den raon a shainmhínítear i dTábla 1, tástáiltear trí bhonn eile nó trí thacar eile bonn. Úsáidtear meán na luachanna tomhais a fhaightear ó na trí bhonn nó na trí thacar bonn a thástáiltear chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhréireacht leis an bhfaisnéis a dearbhaíodh laistigh den raon a shainmhínítear i dTábla 1;

**2.** i gcás ina ndíorthaíonn na haicmí lipéadaithe nó na luachanna lipéadaithe ó thorthaí tástála cineálcheadaithe arna bhfáil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009, nó i gcomhréir le Rialachán UNECE Uimh. 117 agus leis na leasuithe iardain arna ndéanamh air, féadfaidh na Ballstáit **[]** úsáid a bhaint **[]** as sonraí tomhaiste arna bhfáil ó **na** tástálacha maidir le comhréireacht táirgeachta ar bhonn**, arna ndéanamh faoin nós imeachta cineálcheadaithe arna mbunú le Rialachán (AE) 2018/858**.

San áireamh leis na measúnuithe ar na sonraí tomhais arna bhfáil ó na tástálacha maidir le comhréireacht táirgeachta beidh na [] **lamháltais fíorúcháin** a shainmhínítear i dTábla 1.

*Tábla 1*

| An paraiméadar arna thomhas | Na lamháltais fíorúcháin |
|---|---|
| An chomhéifeacht friotaíochta rollta (éifeachtúlacht bhreosla) | Ní rachaidh an luach tomhaiste ailínithe níos mó ná 0.3 kg/1 000 kg thar uasteorainn (*RRC* is airde) an aicme dhearbhaithe. |
| Torann seachtrach rollta | Ní rachaidh an luach tomhaiste níos mó ná 1 dB(A) thar luach dearbhaithe *N*. |
| **Feidhmíocht** fliuchghreama | Ní bheidh an luach tomhaiste G(T), níos ísle ná íosteorainn (íosluach G) an aicme dhearbhaithe. |
| **Feidhmíocht** greama sneachta | Ní bheidh an luach tomhaiste níos ísle ná an treoiruimhir íosta feidhmíochta sa sneachta. |
| **Feidhmíocht** oighearghreama | Ní bheidh an luach tomhaiste níos ísle ná an treoiruimhir íosta feidhmíochta ar oighear. |

## *IARSCRÍBHINN VIIa*

**Faisnéis atá le cur isteach sa bhunachar sonraí táirgí**

**1. Faisnéis atá le cur isteach ag an soláthróir sa chuid phoiblí den bhunachar sonraí:**

a) **ainm nó trádmharc, seoladh, sonraí teagmhála agus aitheantas dlíthiúil eile an tsoláthróra;**

b) **aitheantóir an chineáil boinn agus an dáta táirgthe;**

c) **an lipéad i bhformáid leictreonach;**

d) **an aicme/na haicmí éifeachtúlachta fuinnimh agus paraiméadair eile ar an lipéad;**

e) **paraiméadair na bileoige faisnéise faoin táirge i bhfoirm leictreonach.**

**2. Faisnéis atá le cur isteach ag an soláthróir sa chuid phoiblí den bhunachar sonraí:**

a) **aitheantóir cineáil boinn gach cineáil coibhéisí a cuireadh ar an margadh cheana;**

b) **tuairisc ghinearálta ar an gcineál boinn, lena n-áirítear toisí an bhoinn, an treoiruimhir ualaigh agus an rátáil luais, tuairisc ar leor í chun an cineál boinn a shainaithint go soiléir agus go héasca;**

c) **prótacail na tástála, grádú agus tomhas na bparaiméadar boinn i gcomhréir le hIarscríbhinn I;**

d) **réamhchúraimí sonracha a ghlacfar nuair a dhéantar an cineál boinn a chóimeáil, a shuiteáil, a chothabháil nó a thástáil;**

e) **paraiméadair thomhaiste theicniúla an chineáil boinn;**

f) **na ríomhanna arna ndéanamh leis na paraiméadair thomhaiste;**

g) **na coinníollacha tástála mura ndéantar cur síos leordhóthanach orthu i bpointe (c).**

*IARSCRÍBHINN VIII*

**Tábla comhghaoil**

| Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1(1) | Airteagal 1(1) |
| Airteagal 1(2) | Airteagal 1(2) |
| Airteagal 2(1) | Airteagal 2(1) |
| Airteagal 2(2) | Airteagal 2(2) |
| Airteagal 3(1) | Airteagal 3(1) |
| Airteagal 3(2) | Airteagal 3(2) |
| - | Airteagal 3(3) |
| Airteagal 3(3) | Airteagal 3(4) |
| Airteagal 3(4) | Airteagal 3(5) |
| - | Airteagal 3(6) |
| Airteagal 3(5) | Airteagal 3(7) |
| - | Airteagal 3(8) |
| - | Airteagal 3(9) |
| Airteagal 3(6) | Airteagal 3(10) |
| Airteagal 3(7) | Airteagal 3(11) |
| Airteagal 3(8) | Airteagal 3(12) |
| Airteagal 3(9) | Airteagal 3(13) |
| Airteagal 3(10) | Airteagal 3(14) |
| Airteagal 3(11) | Airteagal 3(15) |
| - | Airteagal 3(16) |
| Airteagal 3(12) | Airteagal 3(17) |
| Airteagal 3(13) | Airteagal 3(18) |
| - | Airteagal 3(19) |
| Airteagal 4 | Airteagal 4 |
| Airteagal 4(1) | Airteagal 4(1) |
| Airteagal 4(1)(a) | Airteagal 4(1)(b) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 4(1)(b) | Airteagal 4(1)(b) |
| Airteagal 4(2) | - |
| - | Airteagal 4(2) |
| - | Airteagal 4(3) |
| Airteagal 4(3) | Airteagal 4(4) |
| Airteagal 4(4) | Airteagal 4(6) |
| - | Airteagal 4(5) |
| - | Airteagal 4(6) |
| - | Airteagal 4(7) |
| - | Airteagal 4(8) |
| - | Airteagal 4(9) |
| - | Airteagal 5 |
| Airteagal 5 | Airteagal 6 |
| Airteagal 5(1) | Airteagal 6(1) |
| Airteagal 5(1)(a) | Airteagal 6(1)(a) |
| Airteagal 5(1)(b) | Airteagal 6(1)(b) |
| - | Airteagal 6(2) |
| - | Airteagal 6(3) |
| Airteagal 5(2) | Airteagal 6(4) |
| Airteagal 5(3) | - |
| - | Airteagal 6(5) |
| - | Airteagal 6(6) |
| - | Airteagal 6(7) |
| Airteagal 6 | Airteagal 7 |
| Airteagal 7 | Airteagal 8 |
| Airteagal 8 | Airteagal 9 |
| Airteagal 9(1) | Airteagal 10(1) |
| Airteagal 9(2) | - |

| | |
|---|---|
| Airteagal 10 | Airteagal 10(2) |
| Airteagal 11 | Airteagal 12 |
| - | Airteagal 12(a) |
| - | Airteagal 12(b) |
| - | Airteagal 12(c) |
| Airteagal 11(a) | - |
| Airteagal 11(b) | - |
| Airteagal 11(c) | Airteagal 12(d) |
| Airteagal 12 | Airteagal 11 |
| - | Airteagal 11(1) |
| - | Airteagal 11(2) |
| - | Airteagal 11(3) |
| - | Airteagal 13 |
| Airteagal 13 | - |
| Airteagal 14 | - |
| - | Airteagal 14 |
| Airteagal 15 | - |
| | |
| - | Airteagal 15 |
| - | Airteagal 16 |
| Airteagal 16 | Airteagal 17 |